Áis Phleanála Aonad foghlama na Roinne OSPS

Bliain ghrúpa: _____ **Fad ama: _____**

Téama:

Torthaí foghlama

Scríobh síos na torthaí foghlama roghnaithe a mbeidh scoláirí ag plé leo san aonad seo.

- Smaoinigh ar na torthaí foghlama ar fud na snáitheanna agus na ngnéithe agus cuimhnigh ar nádúr comhtháite na foghlama in OSPS.
- Ná déantar dearmad, is féidir le torthaí foghlama a bheith ina bpríomhthoradh foghlama amháin chomh maith le torthaí foghlama gaolmhara eile ó gach ceann de na snáitheanna nó torthaí foghlama páirteachas a nasctar lena chéile.
- Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar na gnéithe leathana atá mar bhonn faoi na torthaí foghlama seo agus cuimhneamh ar nádúr comhtháite na foghlama in OSPS.
- Sainaithin téama/topaic ó na torthaí foghlama
- Socraigh cá mhéad ceacht a bheas san aonad foghlama seo.

Príomhfhoghlaim

Ós rud é gur ar feadh trí bliana a mhaireann na torthaí foghlama, aithnítear sa phríomhfhoghlaim na deiseanna foghlama féideartha a d'fhéadfadh tarlú san aonad foghlama seo agus ag an aois agus ag an gcéim forbartha seo.

Ós rud é gur ar feadh trí bliana a mhaireann na torthaí foghlama, aithnítear sa phríomhfhoghlaim na deiseanna foghlama féideartha a d'fhéadfadh tarlú san aonad foghlama seo agus ag an aois agus ag an gcéim forbartha seo.

Chun an phríomhfhoghlaim a aithint, spíon amach na torthaí foghlama faoi eolas agus tuiscint, scileanna agus luachanna, agus na briathra gnímh á mbreithniú ag an am céanna.

- Cad í an phríomhfhoghlaim atá mar bhonn faoin aonad foghlama seo?
- Cad iad na heispéiris foghlama a mbeidh scoláirí ag plé leo?

Measúnú

- Is é atá i gceist leis an measúnú fianaise a bhailiú ar an méid a dearfadh, a thógfadh, a scríobhfadh nó a dhéanfadh scoláirí chun a gcuid foghlama a léiriú.
- Cad iad na straitéisí measúnaithe a chabhróidh leis an scoláire chun an phríomhfhoghlaim a bhaint amach?
- Conas a úsáidfidh mé an t-eolas seo chun aiseolas a chur ar fáil agus na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim a phleanáil?
- Conas a ghabhfaidh mé fianaise ar an bhfoghlaim? Conas is féidir liom fianaise a bhailiú ar an rud a dearfadh, a thógfadh, a scríobhfadh nó a dhéanfadh scoláirí chun a gcuid foghlama a léiriú?
- Cad iad na Príomhthascanna a bheadh oiriúnach don Aonad Foghlama seo

Acmhainní

- B'fhéidir gur cuidiú é acmhainní a mheas agus a roinnt a chabhródh leis an bhfoghlaim ar fud an aonaid seo.
- Smaoinigh ar na hoideolaíochtaí comhoibríocha agus eispéireasacha a úsáidfidh siad san aonad foghlama seo chun foghlaim a éascú agus bonn a chur faoi na heilimintí trasghearrtha, ag úsáid doiciméad tacaíochta CNCM Cuir Chuige Oideolaíochta Éifeachtacha sa Seomra OSPS
- Tá neamhspleáchas ag múinteoirí freisin úsáid a bhaint as na hacmhainní is fearr a mheasann siad a chabhróidh le foghlaim scoláirí.

Machnamh

Aonair

Le linn an aonaid fhoghlama agus tar éis duit é a chríochnú, b'fhéidir gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar cheisteanna ar nós;

- Ar tháinig na torthaí foghlama roghnaithe go maith le chéile?
- Cad iad na hintinní foghlama a roinn mé leis na scoláirí i mo rang? An raibh na hintinní foghlama sin oiriúnach do mo chuid scoláirí?
- Cad iad na heispéiris foghlama a chruthaigh mé le mo chuid scoláirí?
- An athróinn aon cheann de na seiceálacha measúnaithe comhaontaithe?
- Conas a d'fhillfimis ar na torthaí foghlama seo in aonad foghlama amach anseo

Roinn